RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1699 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann leis an deimhniú sláinte samplach le haghaidh coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe a aistriú ó chriosanna srianta a bunaíodh chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 146(2) de,

Ag féachaint don Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 ([2]), agus go háirithe Airteagal 21(5), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([3]) bearta cur chun feidhme maidir leis na rialacha sláinte poiblí agus na rialacha sláinte ainmhithe i leith seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009, lena n-áirítear deimhnithe sláinte samplacha agus na coinníollacha a rialaíonn na bealaí is gá dóibh gabháil le coinsíneachtaí de tháirgí den sórt sin.

(2) Tá foráil in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 maidir le srianta ginearálta sláinte ainmhithe ar choinsíniú seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe ó speicis sho-ghabhálacha ó ghabháltais, bunaíochtaí, gléasraí nó criosanna atá faoi réir srianta de bhun reachtaíocht tréidliachta an Aontais, sin nó de bharr galar in-tarchurtha tromchúiseach a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 92/119/CEE a bheith ann ([4]). Tá an Treoir sin á haisghairm agus Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á chur ina hionad le héifeacht ón 21 Aibreán 2021. Is éard a thugtar isteach le Rialachán (AE) 2016/429, i measc nithe eile, tacar nua rialacha maidir le galair áirithe a chosc agus a rialú.

(3) Is éard a leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ([5]) ón gCoimisiún rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú. Foráiltear le hAirteagal 22(5) den Rialachán Tarmligthe sin nach mór deimhniú sláinte atá eisithe ag tréidlia oifigiúil a bheith ag gabháil le seachtháirgí ainmhithe de thionscnamh creasa shrianta a bhunaítear i gcás ina ndeimhnítear ráig de ghalar de chatagóir A, chun leathadh an ghalair a chosc, deimhniú ina luaitear go bhfuil cead a n-aistriú ón gcrios srianta faoi na coinníollacha a bhunaigh an t-údarás inniúil i gcomhréir le Caibidil II de Chuid II den Rialachán Tarmligthe sin.

([1]) IO L 084, 31.3.2016, lch. 1

([2]) IO L 300, 14.11.2009, lch. 1.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann le samplaí agus ítimí áirithe atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin Treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

([4]) Treoir 92/119/CEE ón gComhairle an 17 Nollaig 1992 lena dtugtar isteach bearta ginearálta Comhphobail chun galair áirithe ainmhithe a rialú agus bearta sonracha i ndáil le galar saicíneach na muc (IO L 62, 15.3.1993, lch. 69).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

(4) Le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 foráiltear maidir le rialacha i leith seachtháirgí ainmhithe a chur ar an margadh. Foráiltear le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 go mbeidh doiciméid tráchtála nó deimhnithe sláinte a leagtar amach i gCaibidil III d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán sin ag gabháil le coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe le linn a n-iompartha. An reachtaíocht maidir le seachtháirgí ainmhithe, is sraith chuimsitheach rialacha atá ann, go háirithe rialacha maidir le catagóiriú, bailiú, iompar agus próiseáil seachtháirgí ainmhithe. Dá réir sin, ba cheart deimhniú samplach nua, dá dtagraítear in Airteagal 22(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, a thabhairt isteach i gCaibidil III d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.

(5) Ba cheart Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a leasú dá réir.

(6) Ba cheart idirthréimhse iomchuí a thabhairt isteach ionas go bhféadfaidh na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara iad féin a oiriúnú do na rialacha nua maidir le haistriú seachtháirgí ainmhithe ó na criosanna srianta arna bhunú i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 17 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2021.


Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

I gCaibidil III d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011, cuirtear isteach an pointe 7 seo a leanas:

"7. Deimhniú Sláinte Samplach

Deimhniú sláinte samplach maidir le haistriú seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna srianta a bhunaítear chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú



Seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna srianta a bhunaítear chun galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú

	II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b. Uimhir Thagartha Áitiúil
Cuid II: Deimhniúchán	Deimhnímse, an tréidlia oifigiúil, a bhfuil mo shíniú thíos: (1) seo II.1 Is ó ainmhithe a bhí á gcoimeád a fuarthas na seachtháirgí ainmhithe a bhfuil tuairisc orthu i gCuid I: (1) seo [arna marú chun cosc nó rialú a dhéanamh ar: (1) seo [……(cuirtear isteach ainm an ghalair ábhartha ó chatagóir A) de réir threoracha an údaráis inniúil de réir Rialachán (AE) 2020/687 agus é beartaithe a bpróiseáil trí (1) seo [Modh 1 go 5.]]] (1) nó [loscadh.]]] (1) nó [comhloscadh.]]] (1) nó […… (cuirtear isteach ainm an ghalair ábhartha atá ag teacht chun cinn) de réir threoracha an údaráis inniúil i gcomhréir le bearta éigeandála arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429 agus é beartaithe a bpróiseáil ag (1) nó [Modh 1 go 5.]]] (1) nó [loscadh.]]] (1) nó [comhloscadh.]]] (1) nó [nach bhfuil an t-údarás inniúil á gcur faoi réir a maraithe inniúil chun galair de chatagóir A nó galair atá ag teacht chun cinn a chosc agus a rialú, agus iad á gcoinneáil i mbunaíochtaí atá lonnaithe i gcriosanna srianta a bunaíodh chun galair ainmhithe a chosc agus a rialú i gcomhréir le (1) seo [Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687,] (1) nó [bearta sealadacha speisialta rialaithe galar dá dtagraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2016/429,] (1) nó [bearta éigeandála a ghlacann an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 259 de Rialachán (AE) 2016/429,] agus tá na seachtháirgí ainmhithe á n-aistriú ón gcrios srianta sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in …… [2], maidir le (1) seo [próiseáil trí mhodhanna 1-5 faoi mar a leagtar amach i gCaibidil II d'Iarscríbhinn IV agus i gcás sadhlasú fotháirgí a fuarthas ó ainmhithe uisceacha mar a leagtar amach i bpointe K de Roinn 2 de Chaibidil IV d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]] (1) nó [próiseáil nó cóireáil trí mhodhanna dá dtagraítear in Iarscríbhinn X, in Iarscríbhinn XI nó in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]]] (1) nó [bia próiseáilte a tháirgeadh le haghaidh peataí, seachas an bia peataí amh dá dtagraítear in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]]] (1) nó [trasfhoirmiú ina múirín nó ina mbithghás dá dtagraítear i Roinn 1 de Chaibidil III d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011.]]] (1) nó [II.1 Na seachtháirgí ainmhithe a bhfuil tuairisc orthu i gCuid I a fuarthas ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe a bhí marbh nuair a fuarthas iad nó a maraíodh chun ……(*cuirtear isteach ainm an ghalair ábhartha de chatagóir A*) a chosc agus a rialú de réir threoracha an údaráis inniúil [3] i gcomhréir le hAirteagal 64(2)(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus é beartaithe a bpróiseáil le (1) seo [Modh 1 go 5.]] (1) nó [loscadh.]] (1) nó [comhloscadh.]] Nótaí Cuid I: — Tagairt bosca I.9 agus I.11: scrios de réir mar is iomchuí. — Tagairt bosca I.12, I.13 agus I.17: uimhir formheasa nó uimhir chláraithe. — Tagairt bosca I.14: comhlánaítear seo murab ionann é agus 'I.1. Coinsíneoir'.		

	II. Faisnéis sláinte	II.a. Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b. Uimhir Thagartha Áitiúil
	— Tagairt bosca I.25: le haghaidh a 'phróiseála', a 'chóireála', nó a 'chlaochlaithe' — Tagairt bosca I.31: An cineál tráchtearra: 'Seachtháirgí ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 22(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.' Catagóir: 'Catagóir 1', 'Catagóir 2', nó 'Catagóir 3' Cuid II: (1) Scrios de réir mar is iomchuí. (2) Cuirtear isteach uimhir an airteagail nó na n-airteagal ábhartha, teideal agus dáta foilsithe an ghnímh dhlíthiúil ábhartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* arna ghlacadh ag an gCoimisiún agus lena gcuirtear na coinníollacha sin ar fáil nó an tagairt don ghníomh dlíthiúil nó don treoir dhlíthiúil arna fhormheas nó arna chur i láthair an phobail ag an údarás inniúil lena bhforáiltear maidir leis na coinníollacha sin. (3) Féach an reachtaíocht speisialta maidir le cosc na ngalar in-tarchurtha.		
	An tréidlia oifigiúil Ainm (ina Cheannlitreacha): An tAonad Tréidliachta Áitiúil (ATÁ): Dáta: Stampa: Cáilíocht agus teideal: Uimhir an ATÁ: Síniú:"		